Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/5330

9.9.2024

**Caingean arna tabhairt an 26 Iúil 2024 – Frutaria Innovation v EUIPO – Schneider (Frutaria.)**

**(Cás T-381/24)**

(C/2024/5330)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Frutaria Innovation SL (Zaragoza, an Spáinn) (ionadaithe: C. Anadón Giménez agus J. Learte Álvarez, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Markus Schneider (Bonn, an Ghearmáin)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Frutaria. – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 5 922 885

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 27 Bealtaine 2024 i gCás R 1377/2023-2 arna cheartú le ceartúchán an 17 Iúil 2024

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a dearbhaíodh an trádmharc atá faoi cheist a bheith neamhbhailí;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(2) i gcomhar le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.